# **An t-Earrach Thiar** | Sample Answer

## LC OL 2020 (b)

### (i)(a) Conas atá an aimsir i véarsa a haon? *(How is the weather in verse one?)*

Tá an aimsir deas i véarsa a haon. **Lá breá brothallach** *(nice hot day)* atá ann. **Luann an file** *(the poet mentions)* 'i mbrothall lae', mar shampla.

### (i)(b) Tabhair dhá phointe eolais faoi na mná i véarsa a trí. *(Give two points of information about the women in verse three).*

I véarsa a trí, tá na mná **ag obair le chéile** *(working together)*, **ag bailiú feamainne** *(collecting seaweed)*. Tá 'a gcótaí craptha', nó **tarraingthe suas** *(pulled up)*, agus **ní bheidh siad fliuch mar sin** *(so they won't be wet)*.

### (i)(c) Cén fhuaim atá le cloisteáil i véarsa a ceathair? *(What sound can be heard in verse four?)*

I véarsa a ceathair, tá **fuaim na maidí rámha** *(the sound of the oars)* le cloisteáil. Deir an file sa véarsa sin 'toll-bhuillí fanna ag maidí rámha'.

### (ii) Déan cur síos, i d'fhocail féin, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn i véarsa a dó. (Is leor dhá phointe eolais.) *(Describe in your own words, the image of the man that the poet gives us in verse two. Two points of information is sufficient.)*

I véarsa a dó, tá an fear **ag caitheamh cliabh ar a dhroim** *(carrying a basket on his back)*. Tá an ghrian **ag lonrú** *(shining)* ar an bhfear agus tá sé ar an **duirling bhán** *(white pebble beach)* freisin.

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor dhá fháth.) *(Do you like this poem? Give reasons for your answer. Two reasons is sufficient.)*

Is maith liom an dán seo, **gan amhras** *(without a doubt)*. **Ar an gcéad dul síos** *(firstly)*, is maith liom na **híomhánna** *(imagery)* sa dán. Mar shampla, **déanann an file cur síos** *(the poet describes)* ar an aimsir dheas, 'i mbrothall lae' agus ' an fheamainn dhearg ag lonrú i dtaitneamh gréine ar dhuirling bháin'. Tá an dán **an-suimiúil** *(very interesting)* leis na híomhánna seo, **cinnte** *(certainly)*.

Ar an dara dul síos, baineann an file úsáid as **dathanna agus fuaimeanna** *(colours and sounds)* sa dán seo. **Sílim** *(I think)* go bhfuil an **teicníocht** *(technique)* seo éifeachtach. Mar shampla, úsáideann an file **na dathanna dearg, bán agus ór** *(the colours red, white and gold)* chun **cur síos a dhéanamh ar** *(to describe)* **an bhfeamainn** *(the seaweed)* agus an trá. Freisin **mar léitheoir** *(as the reader)*, táim **beagnach ábalta** *(almost able)* fuaim na maidí rámha **a chloisteáil** *(to hear)* sa véarsa deireanach, agus is breá liom é sin.